Cuntas Leithreasa 2012

# Vóta 24

# Dlí agus Ceart agus Comhionannas

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, foireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgead-teoranta atá á riar ag an Oifig sin, agus íocaíochtaí deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2012, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2012, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2011, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

Is cuid den Chuntas iad Ráiteas na mBeartas agus na bPrionsabal Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

**Aistriú Feidhmeanna**

Aistríodh freagracht do Scoileanna Coinneála Leanaí, faoi mar a ndéantar soláthar dóibh in Acht na Leanaí 2001, ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chuig an Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige le feidhm ó 1 Eanáir 2012 faoin Ordú um Ionaid Athchuir agus Coinneála Leanaí (Aistriú Riaracháin Ranna agus Feidhmeanna Airí) 2011 (I.R. Uimh. 668 ó 2011).

Choinnigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an fhreagracht d'fheidhmeanna Seirbhísí na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig maidir le maoiniú agus le riarachán clár atá bunaithe ar an bpobal. Ionchorpraíonn na cláir seo maoiniú do thionscadail Gharda Athstiúrtha Óige, a bhíonn ag iarraidh an t-aos óg a athstiúradh ó bheith rannpháirteach in iompar frithshóisialta agus/nó coiriúil. Ina theannta, sin soláthraítear maoiniú trí mheán Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig do thionscadail Phromhaidh an Aosa Óig ar fud na tíre.

**Athruithe do Struchtúr an Vóta**

Táthar tar éis tagairt an Vóta a athrú ó Vóta 19 go Vóta 24 in 2012.

Léirítear tascfhórsa soláthar cúnaimh dhlíthiúil na n-iarrthóirí tearmainn i 2012 - mar chuid den deontas i gcabhair don Bhord um Chúnamh Dlíthiúil (Fotheideal C.2).

Bunaíodh an Coimisiún Idirnáisiúnta Neamhspleách (Fotheideal B.2) tar éis comhaontaithe i Mí Lúnasa 1997 idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas na RA le maoirseacht a dhéanamh ar dhíchoimisiúnú na n-arm paramíleata agus na n-ábhar pléascach. Chuir sé a thuairisc dheiridh faoi bhráid an Rialtais ar 28 Márta 2011 agus díscaoileadh é ag Orduithe de chuid Rialtas na hÉireann agus Rialtas na RA le feidhm ó 31 Márta 2011.

Bunaíodh an Coimisiún Neamhspleách Faireacháin (Fotheideal B.3) ag comhaontú idirnáisiúnta idir Rialtas na hÉireann agus na RA i 2003. Sheachad sé a thuarascáil deiridh ar 12 Márta 2011 agus rinneadh é a dhíscaoileadh trí chomhaontú ag an dá Rialtas le feidhm ó 31 Márta 2011.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Dímheas***

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas de réir méid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta ag tosú sa mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i mbun seirbhíse. Déantar foirgnimh a dhímheas ar ráta 2% in aghaidh na bliana de réir méid chothroim thar an saolré úsáideach mheasta. Déantar feithiclí agus trealamh a dhímheas ag ráta 20% in aghaidh na bliana de réir mhéid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- comhlíonann an Roinn gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Brian Purcell**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

28 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Caiteachas ar Fhoirgneamh Sheirbhís Paiteolaíochta an Stáit**

Dírím aird ar nóta 2.4 do na cuntais a nochtann go raibh an caiteachas ar luach €2.779 milliún a tabhaíodh ó bhí 2008 ann ar fhorbairt fhoirgnimh nua do Sheirbhís Phaiteolaíochta an Stáit neamhéifeachtach..

Tugann Caibidil 9 de mo thuairisc faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2012 breac-chuntas ar thosca an chaiteachais neamhéifeachtaigh.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

9 Lúnasa 2013

# Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas
# Cuntas Leithreasa 2012

| Seirbhís | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | |
| A.1 | Tuarastail, pánna agus liúntais | 21,017 | 21,135 | 20,913 |
| A.2 | Taisteal agus cothú | 489 | 321 | 301 |
| A.3 | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 4,168 | 3,218 | 4,082 |
| A.4 | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,133 | 944 | 1,235 |
| A.5 | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 5,985 | 5,212 | 7,027 |
| A.6 | Costais áitreabh oifige | 1,817 | 1,888 | 2,379 |
| A.7 | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 73 | 506 | 36 |
| A.8 | Taighde | 233 | 22 | 13 |
| A.9 | Comhsheirbhísí airgid | 11,213 | 10,264 | 10,219 |
| A.10 | Uachtaránacht an AE | 1,264 | 983 | — |
| **Coimisiúin** | | | | |
| B.1 | Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | 10,499 | 6,216 | 9,152 |
| B.2 | An Coimisiún Idirnáisiúnta Neamhspleách (deontas-i-gcabhair) | — | — | 7 |
| B.3 | An Coimisiún Monatóireachta Neamhspleách (deontas-i-gcabhair) | — | — | 444 |
| B.4 | An Coimisiún um Chearta an Duine (deontas-i-gcabhair) | 1,425 | 1,425 | 1,097 |
| **Cúnamh dlíthiúil** | | | | |
| C.1 | Cúnamh Dlíthiúil - coiriúil (uimh. 12 de 1962) | 47,552 | 50,546 | 56,118 |
| C.2 | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil (deontas-i-gcabhair) | 32,922 | 32,922 | 24,125 |
| C.3 | Ionaid saorchomhairle dlí | 98 | 98 | 98 |
| **Inimirce agus Tearmann** | | | | |
| D.1 | Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS) | 47,632 | 43,472 | 53,036 |
| D.2 | Tascfhórsa na nIarrthóirí Tearmann - cúnamh dlíthiúil | — | — | 6,245 |
| D.3 | Cóiríocht na n-iarrthóirí tearmann | 63,497 | 62,330 | 69,460 |

| Seirbhís | | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Seirbhísí Eile** | | | | | |
| E.1 | An Bord um Ghearáin i gcoinne an Gharda Síochána | | 220 | 185 | 229 |
| E.2 | Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí | | 1,458 | 1,554 | 1,450 |
| E.3 | An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | | 7,727 | 6,409 | 6,673 |
| E.4 | Cigireacht na bPríosún | | 413 | 293 | 322 |
| E.5 | Seirbhís chróinéara | | 405 | 335 | 517 |
| E.6 | An Bord Parúil | | 341 | 323 | 364 |
| E.7 | An tSaotharlann Dlí-eolaíochta | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 9,152 | | | |
| | *Tabhairt suas Iarchurtha* | 460 | 9,612 | 8,681 | 8,275 |
| E.8 | An Paiteolaí Stáit | | 3,491 | 946 | 945 |
| E.9 | Cúiteamh ar dhíobhálacha pearsanta déanta go coiriúil (scéim airgeadteoranta) | | 4,237 | 4,233 | 4,228 |
| E.10 | Maoiniú ar sheirbhísí d'íospartaigh na coireachta | | 1,162 | 1,165 | 1,178 |
| E.11 | Bearta coiscthe coireanna | | 157 | 197 | 205 |
| E.12 | Údaráis lárnacha (fuadach leanaí, cosaint leanaí agus fiachóirí cothabhála) | | 166 | 77 | 66 |
| E.13 | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | | 8,731 | 8,327 | 8,506 |
| E.14 | An tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach | | 2,343 | 2,130 | 2,044 |
| E.15 | Oifig Chigireachta na nGardaí | | 1,241 | 779 | 1,083 |
| E.16 | Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann | | 845 | 766 | 621 |
| E.17 | Údarás Rialála na Seirbhísí Réadmhaoine Náisiúnta | | 738 | 710 | 637 |
| E.18 | Bearta um míbhuntáiste sóisialta (cuntais díomhaoin arna maoiniú) | | 250 | 83 | 176 |
| E.19 | An Bord Athbhreithnithe Meabhairshláinte (Dlí Coiriúil) | | 477 | 376 | 511 |
| E.20 | Cosc - foréigean teaghlaigh, gnéasach & inscne | | 2,091 | 1,697 | 1,905 |
| E.21 | Seirbhís Dócmhainneacht Éireann | | 1 | 84 | — |
| **Seirbhísí Promhaidh** | | | | | |
| F.1 | Seirbhísí promhaidh - tuarastail, pánna agus liúntais | | 21,992 | 21,117 | 21,883 |
| F.2 | Seirbhísí promhaidh - costais oibriúcháin | | 4,723 | 4,069 | 4,599 |
| F.3 | Seirbhís phromhaidh - seirbhísí do chiontóirí | | 11,172 | 10,350 | 9,796 |
| F.4 | Scéim orduithe na seirbhíse pobail | | 2,284 | 2,053 | 2,058 |

| Seirbhís | | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Comhionannas, Comhtháthú & Míchumas** | | | | | |
| G.1 | An tÚdarás Comhionannais (deontas-i-gcabhair) | | 2,984 | 2,941 | 2,395 |
| G.2 | An Binse Comhionannais | | 2,225 | 2,260 | 1,838 |
| G.3 | Deontais d'eagraíochtaí náisiúnta ban | | 350 | 350 | 405 |
| G.4 | Promhadh ó thaobh an chomhionannais | | — | — | 150 |
| G.5 | Tionscnaimh an Lucht Siúil | | 430 | 246 | 228 |
| G.6 | Gníomh dearfach um chomhionannas insnce | | 2,000 | 1,647 | 2,100 |
| G.7 | Oifig um chur chun cinn lánpháirtíocht na n-imirceach | | 2,502 | 2,402 | 2,141 |
| G.8 | An Ciste Eorpach do Dhídeanaithe | | 1,500 | 1,314 | 1,233 |
| G.9 | Tionscnaimh feasachta míchumais | | 307 | 194 | 865 |
| G.10 | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | | 4,550 | 3,790 | 3,335 |
| — | *Tionscadail mhíchumais* | | — | — | *1* |
| **Carthanais** | | | | | |
| H.1 | Rialachán na gcarthanas | | 400 | 25 | 238 |
| H.2 | Oifig um Thabhartais agus um Thiomnachtaí Carthanúla | | 440 | 339 | 202 |
| H.3 | Íocaíochtaí le tionscnóirí na gcrannchur carthanachta ar leith (arna maoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 6,000 | 6,000 | 6,000 |
| **Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig** | | | | | |
| I. | Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig | | 17,337 | 17,164 | 35,062 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 377,859 | | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 460 | **378,319** | **357,113** | **400,451** |
| | *Asbhain:* | | | | |
| | **Leithreasaí i gcabhair** | | **46,639** | **51,974** | **50,027** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 331,220 | | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 460 | | | |
| | | | **331,680** | **305,139** | **350,424** |

**Farasbarr do ghéilleadh**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime a cuireadh i bhfeidhm dlite do ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir an tsuim iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr don bhliain | 26,541,382 | 4,771,260 |
| Tabhairt Suas Iarchurtha | 287,000 | 460,000 |
| Farasbarr le tabhairt suas | 26,254,382 | 4,311,260 |

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas ar riarachán | | 44,493 | 46,205 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 312,620 | 354,246 |
| **Ollchaiteachas** | | **357,113** | **400,451** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **51,974** | **50,027** |
| **Glanchaiteachas** | | **305,139** | **350,424** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannachán | (2,265) | | |
| Dímheas | 8,205 | | |
| Caillteanas i ndiúscairtí | 36 | | |
| Airgead tirim um dhiúscairtí | 4 | | |
| | | 5,980 | 7,543 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | (111) | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 2,779 | | |
| | | 2,668 | (4,193) |
| | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (3,129) | | |
| Méadú ar stoc | (41) | | |
| | | (3,170) | (5,703) |
| **Caiteachas díreach** | | **310,617** | **348,071** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | | 27,283 | 31,505 |
| Measchíosanna | | 4,591 | 4,514 |
| **Costas glan clár** | | **342,491** | **384,090** |

**1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara**

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 24 a tabhaíodh in áit eile

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 2,541 | 2,605 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 19,532 | 23,315 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 12,432 | 13,295 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | 190 | 198 |
| Lárchiste – Pinsin na nAirí | 726 | 388 |
| | 35,421 | 39,801 |
| Vóta 24 Comhsheirbhísí - costas cionroinnte an Lárionaid Chomhsheirbhísí Airgeadais | (8,138) | (8,296) |
| | 27,283 | 31,505 |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.3 | 22,349 | 35,263 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.4 | 1,170 | 5,647 |
| | | **23,519** | **40,910** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.5 | 4,380 | 3,082 |
| Stoic | 2.6 | 587 | 546 |
| Réamhíocaíochtaí | | 3,217 | 3,879 |
| Ioncam fabhraithe | | 7,504 | 2,115 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.7 | 2,073 | 3,817 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **17,761** | **13,439** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 8,039 | 6,426 |
| Ioncam iarchurtha | | 171 | 186 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 5,125 | 5,946 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.9 | 1,328 | 953 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **14,663** | **13,511** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **3,098** | **(72)** |
| **Glansócmhainní** | | **26,617** | **40,838** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **26,617** | **40,838** |

### 2.1 Cuntas Maoiniú Stáit

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | 40,838 | 38,310 |
| Maoiniú tarraingthe anuas | 2.2 | 332,422 | 381,929 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíos | 1 | 4,591 | 4,514 |
| Míreanna eile neamhairgid | | (8,743) | 175 |
| Costas glan clár | 1 | (342,491) | (384,090) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | **26,617** | **40,838** |

### 2.2 Maoiniú tarraingthe anuas

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | |
| Soláthar Meastacháin | Cuntas | 331,680 | 355,195 |
| Farasbarr don bhliain | Cuntas | (26,541) | (4,771) |
| | | 305,139 | 350,424 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | 27,283 | 31,505 |
| **Maoiniú iomlán tarraingthe anuas** | | **332,422** | **381,929** |

## 2.3 Sócmhainní Caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2012 | 15,000 | 1,283 | 94,631 | 5,286 | 116,200 |
| Breiseanna | — | 177 | 2,070 | 18 | 2,265 |
| Aistriú[1] | (5,963) | (232) | (218) | (67) | (6,480) |
| Coigeartú[2] | (1,272) | — | — | — | (1,272) |
| Diúscairtí | — | (75) | (290) | (63) | (428) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2012 | 7,765 | 1,153 | 96,193 | 5,174 | 110,285 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2012 | 960 | 930 | 75,058 | 3,989 | 80,937 |
| Dímheas don bhliain | 163 | 136 | 7,634 | 272 | 8,205 |
| Aistriú[1] | (302) | (195) | (166) | (28) | (691) |
| Coigeartú[2] | (127) | — | — | — | (127) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (58) | (286) | (44) | (388) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2012 | 694 | 813 | 82,240 | 4,189 | 87,936 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012** | 7,071 | 340 | 13,953 | 985 | 22,349 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | 14,040 | 353 | 19,573 | 1,297 | 35,263 |

[1] Sócmhainní le costas de €6,476,014 a aistríodh chuig an Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige de thoradh ar aistriú feidhmeanna áirithe ó Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig (Scoileanna Coimeádta Leanaí san áireamh) le feidhm ó 1 Eanáir 2012. Rinneadh sócmhainn amháin ar costas €3,349 a aistriú chuig an mBord um Chúnamh Dlíthiúil freisin.

[2] Rinneadh íocaíocht chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le tionscadal le Saotharlann Phaiteolaíochta an Stáit a sholáthar a chaipitliú go réamhaibí i 2008. Ós rud é gur cuireadh an tionscadal ar ceal ní mór an caipitliú (agus an dímheas gaolmhar) a fhreaschur. Féach nóta 2.4, mar a leagtar amach na tosca le tuilleadh sonraí.

## 2.4 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt

| at 31 December | Feidhmchláir ríomhaireachta in-tí | Foirgnimh | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2012 | — | 5,647 | 5,647 |
| Coigeartú | — | 1,272 | 1,272 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | 102 | 9 | 111 |
| Aistrithe chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | — | (3,081) | (3,081) |
| Cur ar ceal – Tionscadal Paiteolaíochta Stáit | — | (2,779) | (2,779) |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2012 | 102 | 1,068 | 1,170 |

**Aistrithe chuig an Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige**

Léiríonn aistriú na sócmhainní atá á bhforbairt aistriú feidhmeanna ar leith i ndáil le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig (lena n-áirítear Scoileanna Coinneála Leanaí) chuig an Roinn leanaí agus Gnóthaí Óige le héifeacht ó 1 Eanáir 2012.

**Cur ar Ceal an Tionscadail Phaiteolaíochta Stáit i Marino, Baile Átha Cliath**

Baineann an coigeartú seo le caiteachas ag an Roinn seo maidir le forbairt áiseanna d'Oifig an Phaiteolaí Stáit I gcomhfhiontar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBAC) ag láithreán i Marino i mBaile Átha Cliath. Baineann an caiteachas faoi thrácht le ranníocaíocht na Ranna seo le costais tógála an tionscadail go dtí gur scoireadh é i 2010 mar thoradh ar an gconraitheoir bheith curtha faoi ghlacadóireacht. Ba é luach iomlán chaiteachas an Vóta ná €2.779 milliún. D'eascair as scor chéim thógála an tionscadail, mar gheall ar dhul faoi ghlacadóireacht an phríomhchonraitheora, soláthar casta, dlíthiúil, poiblí agus breithnithe eile. Le linn na tréimhse céanna laghdaíodh go mór an buiséad caipitil a bhí ar fáil san earnáil Cheartais.

Mar thoradh, breithníodh ar roinnt roghanna d'fhonn an tionscadal a bhrú chun cinn agus tá luacháil á dhéanamh ar láthair mhalartach, a chinnteoidh más oiriúnach í go n-athsholáthrófaí áiseanna reatha an Chróinéara agus an Phaiteolaí Stáit ar an gcostas breise is ísle don Stát agus sa tréimhse ama is giorra.

Chuaigh an struchtúr a bhí críochnaithe go pointe i Marino mar gheall ar shíonchaitheamh, oiread sin go raibh sé neamhsheasmhach agus gur riosca sláinte agus sábháilteachta a bhí ann. De réir comhairle gairmiúla, leagadh an foirgneamh ag CCBAC i 2013 ar costas €52,062.

Cé gur caitheadh ranníocaíocht na Roinne don tionscadal bunaidh san iomlán, tá maoiniú de chuid €867,668 coimeádta ag DCC (lena n-áirítear an t-iarmhéid de chuid banna urrúis arna íoc ag bannaitheoir an tionscadail) le haghaidh úsáide i bhforbairt agus i bhfeistiú na láithreach malartach.

**Áitreabh Seirbhísí Promhaidh**

Léiríonn an iarmhéid a iompraíodh chun tosaigh de €1.068 milliún i gcatagóir na bhFoirgneamh costais fheistithe na n-áitreabh ar léas i mBaile Átha Cliath lena n-úsáid ag an tSeirbhís Phromhaidh. Cé gur cuireadh an obair maidir leis an bhfoirgneamh seo i gcrích, ní féidir é a áitiú mar gheall ar cheisteanna a bhaineann le cead pleanála. Tá conspóid ann i gcónaí faoi stádas an léasa. Eisíodh imeachtaí dlí ar son na Ranna ar 20 Márta 2013.

## 2.5 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | **2012** **€000** | **2011** **€000** |
|---|---|---|
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ginearálta | 4,455 | 7,354 |
| Orduithe gan íoc | (75) | (4,272) |
| | 4,380 | 3,082 |

## 2.6 Stoic

| ag 31 Nollaig | **2012** **€000** | **2011** **€000** |
|---|---|---|
| Páipéarachas | 168 | 178 |
| Tomhaltais fóiréinseacha | 220 | 172 |
| Tomhaltais TF | 130 | 131 |
| Ilghnéitheach | 30 | 21 |
| Foilseacháin | 22 | 25 |
| Trealamh/éadach | 17 | 19 |
| | 587 | 546 |

## 2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ag 31 Nollaig | **2012** **€000** | **2011** **€000** |
|---|---|---|
| Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,412 | 638 |
| Óinchistí | 86 | 97 |
| Tuarastail aisghabhála | 65 | 113 |
| Aisghabháil na scéime pas taistil | 293 | 257 |
| Glacadóireacht an Biúró um Shóchainní Coiriúla | 132 | 152 |
| Cuntas fionraí párolla (Paypath) | 2 | 2,469 |
| Eile | 83 | 91 |
| | 2,073 | 3,817 |

## 2.8 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile

| ag 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 2,008 | 2,090 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 833 | 907 |
| Cáin Bhreisluacha | 134 | 106 |
| Ranníocaíochtaí pinsean | — | 1 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 1,192 | 1,838 |
| Cáin Foirgníochta | — | 28 |
| | 4,167 | 4,970 |
| Asbhaintí párolla atá gcoinneáil ar fionraí | 701 | 744 |
| Eile | 257 | 232 |
| | 5,125 | 5,946 |

## 2.9 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 26,254 | 4,311 |
| Tabhairt Suas Iarchurtha | 287 | 460 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (25,213) | (3,818) |
| Glandliteanas don Státchiste | 1,328 | 953 |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 4,380 | 3,082 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 2,073 | 3,817 |
| | 6,453 | 6,899 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (4,167) | (4,970) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (958) | (976) |
| | (5,125) | (5,946) |
| | 1,328 | 953 |

## 2.10 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Iomlán na dtiomantais infheidhmithe le dlí | 1,841 | 2,284 |

## 2.11 Dliteanais Aibithe

Ní raibh aon dliteanais aibí neamhscaoilte ag deireadh na bliana 2012 nó sa bhliain roimhe sin.

## 3 Éagsúlachtaí sa Chaiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim a soláthraíodh faoi os cionn €100,000 agus os cionn 5% (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Taisteal agus cothú | 168 | Cé go raibh an caiteachas i 2012 rud beag níos airde ná an bhliain roimhe sin, d'eascair an coigilteas le hais buiséid mar gheall ar níos lú taistil ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | (433) | Tharla an farasbarr go príomha de bharr an gá a bhí ann páirt a ghlacadh i gcomhairle phroifisiúnta seachtrach i ndáil le dréachtú na reachtaíochta dócmhainneachta agus ullmhú do bhunú na seirbhíse dócmhainneachta pearsanta nua – Seirbhís Dócmhainneachta Éireann. |
| Taighde | 211 | Tharla an coigilteas toisc nár faomhadh aon tionscadail taighde nua i rith 2012. |
| Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | 4,283 | Tharla an coigilteas de bharr caiteachas níos ísle ná mar a ceapadh i dtáillí dlí tríú páirtí maidir le Binse Morris le cuid de na costais seo ar dhócha a bheidh dlite in 2013. Bhí Binse Fiosrúcháin Smithwick lena chuid oibre a thabhairt chun críche in 2012, agus rinneadh foráil bhreise chun costais dlí agus eile iarmharacha a chlúdach. Toisc nár thug an Binse Fiosrúcháin a chuid oibre chun críche, ní raibh na costais seo i gceist, ag cur dá réir sin le an gcoigilteas san fhotheideal seo. |
| Cúnamh Dlíthiúil - coiriúil (uimh. 12 de 1962) | (2,994) | Tharla an farasbarr de bharr líon agus catagóir na n-ábhar coiriúil ag teacht os comhair na gCúirteanna. Cé go bhfuil sé deacair costais a thuar i gcás scéim bunaithe ar éileamh dá leithéid seo, baineadh amach laghdú de chuid 10% i gcaiteachas i gcomparáid le 2011. |
| Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS) | 4,160 | Tharla an coigilteas go príomha de bharr níos lú caiteachais i gcostais dlí ná mar a bhí tuartha sa bhuiséad agus costais phárolla laghdaithe de bharr níos mó laghduithe ná mar a ceapadh sa líon foirne. |
| An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 1,318 | Tharla an coigilteas mar thoradh ar costais dlí réamh-mheasta nár tháinig i gcrích. Lena chois sin, leanann an Biúró le monatóireachta a dhéanamh ar chaiteachas i réimsí uile le luach ar airgead agus laghdú costas a ghnóthú don Státchiste. |
| Cigireacht na bPríosún | 120 | Tharla an coigilteas mar thoradh ar bhaill foirne breise nár glacadh ar conradh leis an gCigireacht ar bhonn per diem le linn 2012. |
| An tSaotharlann Dlí-eolaíochta | 931 | D'eascair an coigilteas mar gheall ar éifeachtúlachtaí níos mó maidir le ceannach ábhar intomhalta agus coigiltis soláthair eile trí úsáid Chreatchomhaontú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. |
| An Paiteolaí Stáit | 2,545 | Tharla an coigilteas go príomha mar thoradh ar an tionscadal caipitil le haghaidh soláthar áiseanna nua saotharlainne nár chuathas ar aghaidh leis agus laghdú freisin sa chaiteachais ar sholáthairtí agus ar threalamh saotharlainne toisc go bhfuil an tseirbhís á seachfhoinsiú i bpáirt anois. Féach nóta 2.4. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| An tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach | 213 | D'eascair an coigilteas ós rud é nach raibh an tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach in inmhe ceadúnú a thabhairt isteach go hearnálacha breise slándála faoi mar a beartaíodh. D'eascair sin mar gheall ar an moill maidir le críochnú na reachtaíochta tánaistí riachtanaí. |
| Oifig Chigireachta na nGardaí | 462 | D'eascair an coigilteas mar gheall ar chostais laghdaithe fhoirnithe agus oibríochtúla ag eascairt as agaí moille earcaíochta maidir le hathsholáthar foirne a d'imigh, agus an obair allamuigh agus taighde laghdaithe a d'eascair as sin. |
| Bearta um míbhuntáiste sóisialta (cuntais díomhaoin arna maoiniú) | 167 | Tharla an coigilteas mar thoradh ar tharraingt anuas níos moille ná mar a ceapadh i leith cistí do thionscadail áitiúla arna riaradh ag Pobal i ndáil leis an gCiste Idirghníomhaireachta do Thaistealaithe. |
| An Bord Athbhreithnithe Meabhairshláinte (Dlí Coiriúil) | 101 | Tharla an coigilteas go príomha de bharr táillí laghdaithe á n-íoc le baill an Bhoird agus laghdú beag i líon na n-éisteachtaí athbhreithnithe. |
| Cosc - foréigean teaghlaigh, gnéasach & inscne | 394 | Tharla an coigilteas de bharr ciorrúchán an chaiteachais ar obair chumarsáide agus thaighde ar leith, costas cláir ar leith níos ísle ná mar a luadh sa bhuiséad agus coigilteas párolla de bharr riachtanais foirne. |
| Seirbhísí promhaidh - costais oibriúcháin | 654 | D'eascair an coigilteas go príomha mar gheall ar úsáid socruithe soláthair níos éifeachtaí. Chuimsigh na bearta seo lárnú ceannaigh agus úsáid deiseanna seirbhísí roinnte, nuair a bhíonn sin indéanta, leithéidí leas a bhaint as Seirbhís Náisiúnta Soláthair lárnaithe agus as tairiscintí agus creatchomhaontuithe Ranna Dlí agus Cirt agus Comhionannais. |
| Seirbhís phromhaidh - seirbhísí do chiontóirí | 822 | D'eascair an coigilteas mar gheall ar laghdú sa leithdháileadh deontais d'eagraíochtaí bunaithe ar an bpobal sa bhliain ag cur san áireamh méid na gcistí ar láimh sna heagraíochtaí ag deireadh 2011. |
| Scéim orduithe na seirbhíse pobail | 231 | Tharla an coigilteas de bharr roinnt folúntas atá ann laistigh den tSeirbhís Promhaidh mar aon le próisis oibriúcháin agus soláthair níos éifeachtúla. |
| Tionscnaimh an Lucht Siúil | 184 | Tharla an coigilteas go príomha de bharr foirceannadh um chonradh riaracháin le Pobal. Lena chois bhí tarraingt anuas níos moille ná mar a ceapadh ó Ghrúpaí Idirghníomhaireachta do Thaistealaithe maidir le maoiniú do tionscnamh ar leith. |
| Gníomh dearfach um chomhionannas insnce | 353 | D'eascair an coigilteas ós rud é gur shocraigh sé thionscadal Bhearta Chomhionannais do Mhná gan glacadh le tairiscint de mhaoiniú breise faoi chéim shínithe an Beart Comhionannais do Mhná 2008 - 2013. Níorbh fhéidir an maoiniú eile a leithdháileadh ar aon tionscnamh nua. |
| An Ciste Eorpach do Dhídeanaithe | 186 | D'eascair coigilteas i suim na n-íocaíochtaí deontais faoi Chistí Teifigh agus Comhtháite na hEorpa ós rud é nár comhlíonadh na coinníollacha do tharraingt anuas ag na tairbhithe i ngach cás. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tionscnaimh feasachta míchumais | 113 | Rinneadh coigilteas ar chostais dhlíthiúla agus bhí na deiseanna teoranta le bheith tiomanta do thionscadail spreagadh feasachta ilbhliantúla, níos déanaí i 2012, ag cur san áireamh neamhchinnteacht na mbuiséad sna blianta amach anseo. |
| An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | 760 | Tharla an coigilteas de bharr laghdú in acmhainní foirne agus éifeachtúlachtaí á ngnóthú i gcostais riaracháin agus i gcostais fotheidil eile. |
| Rialachán na gcarthanas | 375 | D'eascair an coigilteas ós rud é gur iarchuireadh bunú an Údaráis Rialála Charthanais. |
| Oifig um Thabhartais agus um Thiomnachtaí Carthanúla | 101 | Tharla an coigilteas de bharr neamh-líonadh dhá fholúntas sa nOifig mar thoradh ar an moratóir ar earcaíocht. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Táillí cinsireachta scannáin (airgead tirim) | 2,503 | 2,188 | 2,041 |
| 2. | Aisíocaíocht na dtuarastal | 75 | — | — |
| 3. | Táillí cosanta sonraí | 450 | 626 | 584 |
| 4. | Fáltais AE | 1,956 | 2,227 | 3,796 |
| 5. | Fáltais ilghnéitheacha | 1,183 | 2,489 | 3,245 |
| 6. | Táillí clárúcháin inimirce | 13,347 | 11,908 | 12,350 |
| 7. | Taillí víosa | 5,800 | 5,309 | 7,323 |
| 8. | Taillí na gcuntas díomhaoin | 250 | 50 | 221 |
| 9. | Táillí an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach | 2,364 | 2,790 | 2,199 |
| 10. | Táillí na dteastas náisiúntachta agus saoránachta | 11,650 | 17,099 | 9,592 |
| 11. | Fáltais as asbhaintí a bhaineann le pinsin ón luach saothair don tseirbhís phoiblí | 7,061 | 7,288 | 8,110 |
| — | *Ranníocaíochtaí le scéim pinsean do bhaill foirne neamh-mhúinteoireachta de chuid na lárionad do chiontóirí óga* | — | — | *566* |
| | **Iomlán** | 46,639 | 51,974 | 50,027 |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheideal ina raibh an toradh éagsúil ón méid measta tar éis aon choigeartú meastacháin forlíontach, de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Táillí cinsireachta scannáin (airgead tirim) | 315 | In ainneoin méadú ioncaim in 2012 i gcomparáid le 2011, tá easnamh ann go fóill de bharr laghdú céimnitheach i bhfeidhmchláir DVD, mar thoradh ar chúl-chatalóga á n-aicmiú agus treocht domhanda a léiríonn go bhfuil níos lú DVDanna ag teacht chun margaidh. |
| Táillí cosanta sonraí | (176) | Is éard is cúis leis an bhfarasbarr ná tóraíocht spriocanna na gcásanna a bhí imithe ó chlár poiblí na gclárúchán i seilbh Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí in 2012 de bharr neamhíocaíocht a gcuid táillí athnuachana. Féadfaidh feasacht níos fearr trí chéile ar an riachtanas cláraithe a bheith mar chúis leis an méadú úd freisin. |
| Fáltais AE | (271) | Tharla an farasbarr de bharr deacrachta le réamh-mheastachán cruinn a thabhairt ar cathain a bhfaighfí fáltais faoi na cláir éagsúla. |
| Fáltais ilghnéitheacha | (1,306) | Tá an farasbarr ann mar thoradh ar tháillí clárúcháin arna mbailiú ag Údarás Rialála na Seirbhísí Réadmhaoine Náisiúnta tar éis a bhunú ar bhonn reachtúil le linn 2012. Beidh aicmiú ar leith ag an gcatagóir fáltais seo laistigh de na leithreasaí i gcabhair in 2013. |

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Táillí clárúcháin inimirce | 1,439 | Baineann an t-easnamh i dtáillí clárúcháin inimirce go díreach le líon na n-iarratasóirí a mbronnadh saoránacht orthu a bhí mar thoradh dá réir ar laghdú sa líon daoine a raibh orthu clárú agus táillí clárúcháin a íoc. |
| Taillí víosa | 491 | Tá an t-easnamh ann go príomh de bharr laghdú san éileamh ar víosaí athiontrála. |
| Taillí na gcuntas díomhaoin | 200 | Tharla an t-easnamh toisc nach raibh ar a gcumas ag tionscadail obair a chomhlíonadh chuig leibhéal fónta d'fhonn an maoiniú seo a tharraingt anuas. |
| Táillí an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach | (426) | Bhí an farasbarr mar gheall ar go raibh líon na n-iarratas ar athnuachan cheadúnais a fuarthas ag an Údarás um Shlándáil Phríobháideach níos mó ná mar a measadh agus i bhfad níos mó ná leibhéil fháltais 2011. |
| Táillí na dteastas náisiúntachta agus saoránachta | (5,449) | Bhí de thoradh ar na bearta éagsúla ar tugadh fúthu i 2012 le déileáil leis an riaráiste agus le próiseáil na n-iarratas ar shaoránacht a mhéadú táillí méadaithe deimhniúcháin don bhliain. |

**4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

Rinneadh suim ar luach €275,452 a lóisteáil don Státchiste maidir le cion an Stáit d'fháltais choiriúla fhorghéillte a aistríodh chuig na Stáit Aontaithe faoi chonradh um Cúnamh Frithpháirteach Dlí i gCeisteanna Coiriúla idir an dá thír.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (ar choibhéis lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 2,295 | 2,392 |

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 120,170 | 132,061 |
| Liúntais ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 179 | 181 |
| Liúntais eile | 2,795 | 5,630 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 1,564 | 1,924 |
| ÁSPC an Fhostóra | 6,533 | 7,566 |
| **Pá Iomlán** | **131,241** | **147,362** |

Áirítear sa bhfigiúr pá iomlán gnéithe den phá ó na fotheidil seo a leanas: A1, A9, A10, B1, B4, C2, D1, E1, E2, E3, E4, E5, E6, E7, E8, E9, E13, E14, E15, E16, E17, E19, E20, E21, F1, F4, G1, G2, G7, H2 agus I.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2012 | 2011 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 46 | 6 | 30,521 | 19,063 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 265 | 26 | 28,616 | 27,017 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | — | — | — | 10,712 |
| Ilghnéitheacha | 409 | 46 | 27,200 | 38,840 |

Tá easpa aon liúntais sealanna agus uainchláir iníoctha i 2012 mar gheall ar aistriú freagrachta do Scoileanna Coinneála Leanaí chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige le feidhm ó 1 Eanáir 2012.

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin

**5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair**

Íocadh suim de chuid €105,298 san iomlán le 13 státseirbhíseach scortha a bhí i bhfáltas pinsean státseirbhíse in 2012. Lena chois sin, íocadh suim de chuid €31,772 le 5 iar-státseirbhíseach agus €404,451 le 6 ball na breithiúna a bhí gafa le róil éagsúla in 2012

Íocadh suim de chuid €389,507 san iomlán trí mheán an phárolla le 71 duine aonair i ndáil le dualgais curtha i gcrích maidir le boird éagsúla s.rl.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú an Chrannchuir Náisiúnta

| Fo-theideal | Cur síos | Meastachán €000 | 2012 Toradh €000 | 2011 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| H.3 | Íocaíochtaí le tionscnóirí na gcarthanachtaí ar leith incháilithe le haghaidh maoinithe an Chrannchuir Náisiúnta maoinithe i bpáirt ag an gCrannchur Náisiúnta | 6,000 | 6,000 | 6,000 |

Tá sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais – www.justice.ie/en/JELR/Pages/Charities

### 6.2 Maoiniú AE

Cuimsíonn an toradh i bhFocheannteideal D.1 agus I. caiteachas maidir le gníomhaíochtaí a cómhaoiníodh ag an Aontas Eorpach. Ina theannta sin déantar maoiniú do chlár atá maoinithe ag an AE darb ainm Safety Internet Plus Programme a riar trí mheán cuntais ar fionraí ag an Oifig um Shábháilteacht Idirlín. Is oifig fheidhmiúcháin de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais í an Oifig um Shábháilteacht Idirlín. Bunaíodh ag an Rialtas í le go mbeadh príomhfhreagracht aici as sábháilteacht idirlín in Éirinn, go háirithe i dtaca le leanaí.

| Fo-theideal | Cur síos | Meastachán | 2012 Toradh €000 | 2011 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| D.1 | Ciste Eorpach Gnóchan | 596 | 596 | 452 |
| I. | ESF- Scileanna agus fostóirí breise um Thionscadal Athstiúrtha na nGardaí don Óige | 3,700 | 3,541 | 1,463 |
| | | 4,296 | 4,137 | 1,915 |

**6.3 Coimisiúin agus Fiosrúcháin**

| | Bliain an cheapacháin | 2011 | 2012 | Caiteachas carntha go 31 Nollaig 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Binse Morris | 2002 | 2,865 | 3,472 | 64,012 |
| Binse Cúitimh um Dhíobhálacha Coiriúla | 1974 | 76 | 88 | 1,569 |
| Binse Smithwick | 2005 | 1,550 | 2,116 | 11,493 |
| Fiosrúchán Rossiter | 2006 | 26 | — | 2,755 |
| Coimisiún Dheoise Chluana agus Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath | 2006 | 2,618 | 32 | 8,791 |
| Coimisiún um Shuíomh Taisí Íospartach | 2007 | 1,069 | 403 | 4,442 |
| Coimisiún Imscrúcháin Gary Douch | 2007 | 296 | 105 | 1,748 |
| An Coimisiún Reifrinn (Pá Breithiúnach) | 2011 | 652 | — | 652 |
| | | 9,152 | 6,216 | 95,462 |

**6.4 Dliteanas Teagmhasach**

Beidh a thuilleadh íocaíochtaí i ndáil leis an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla, Binse Smithwick, an Coimisiún um Shuíomh Taisí Íospartach agus Coimisiún Imscrúdúcháin Gary Douch. Ní féidir costais deiridh a chinneadh ag an bpointe seo toisc go bhfuil obair na gcomhlachtaí seo leanúnach.

B’ionann caiteachas i ndáil le Binse Morris a chur a chuid oibre i gcrích in 2008 agus €64.012 milliún go deireadh na bliana 2012. Baineann na costais atá fágtha le táillí dlí trí páirtí. Tá costas deiridh measta an Bhinse sa raon ó €70 go €72 milliún ach is soláthar sealadach é seo ar fheitheamh chainníochtú na gcostas dlí gan íoc.

Táthar tar éis obair Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath agus Coimisiún Dheoise Chluana a thabhairt chun críche freisin. B’ionann na costais go deireadh 2012 agus €8.791 milliún. A mhéid ar féidir a fhionnadh, baineann an t-aon chostas ar dhócha a eascróidh le costais i dtaca le roinnt éisteachtaí maidir le foilsiú codanna áirithe de thuarascálacha an Choimisiúin, atá leanúnach nó a bhfuil na táillí ina leith le réiteach go fóill.  Ní sé indéanta na costais fágtha a mheas ach ní dhócha go mbeidh siad ró shuntasach in aon chor.

**6.5 Íocaíochtaí ex-gratia**

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach €703,892 (2011 - €1,154,129) maidir leis an Scéim Chúnaimh Dhlí neamhreachtúil do bhearta de chineál BSC. Tá an scéim seo infheidhmithe do dhaoine ar freagróirí agus/nó cosantóirí iad in aon imeachtaí cúirte a chuirtear i gcrích ag, nó in ainm, an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, imeachtaí cúirte an Achta um Fháltais Choiriúlachta, 1996, na hAchtanna um Choimisinéirí Ioncaim agus na hAchtanna um Leas Sóisialach agus iarratais a rinneadh ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach €887,448 (2011 - €1,171,348) maidir leis an Scéim neamhreachtúil Chomhairle Cúnaimh Dhlí Stáisiúin Gharda. Déanann an scéim seo soláthar dó, sa chás go ndéanfaí duine a choimeád i stáisiún Garda do chuspóirí imscrúdaithe ar choir agus go bhfuil sé de theidlíocht dlí aige/aici dul i gcomhairle le dlíodóir ach gan dóthain acmhainne a bheith ag an duine le go n-íocfadh sé/sí as a leithéid de chomhairliúchán, go n-íocfar as comhairliúcháin le dlíodóirí ag an Stát.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach iomlán €31,671 (2011 - €355,979) i roinnt cásanna maidir le seirbhís na gCróinéirí. Baineann na híocaíochtaí faoi thrácht le costas na hionadaíochta dlí ag ionchoisne faoi bhás daoine a bhí faoi choimeád an Stáit.

**6.6 Ciste um Thionscnamh na nDrugaí**

Fuarthas suim de €276,254 (2011 - €317,751) ón gCiste Tionscnaimh Dhrugaí agus mínítear an tsuim sin trí mheán cuntais ar fionraí. Déantar soláthar don mhaoiniú faoin Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2009 – 2016 agus baineann sin le roinnt tionscadal ar le Tascfhórsaí Áitiúla Drugaí iad ar tionscnaimh iad a dtacaíonn an tSeirbhís Phromhaidh leo.

**6.7 Costais Dlí**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| Seo a leanas na costais dlí a íocadh i rith na bliana: | €000 | €000 |
| Táillí Dlí | 274 | 175 |
| Cúiteamh | 7,742 | 10,021 |
| | 8,016 | 10,196 |

As an tsuim iomlán de €8.016 milliún de chostais dlí, i 2012, baineann €6.489 milliún (81%) le Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann.

**6.8 Féithiúnaithe Paiteolaíochta Stáit**

Díscríobhadh suim de €246,026 a bhí ag dul don Roinn maidir le táillí scrúdaithe iarbháis ó údaráis áitiúla mar shuim dho-inghnóthaithe. Baineann €156,194 den mhéid a díscríobhadh leis an tréimhse roimh 2000 agus baineann an t-iarmhéid de €89,832 leis an tréimhse 2000 go 2006. Déanta na fírinne, díscríobh teicniúil atá i gceist dáiríre, seachas seachligean ioncaim ó na húdaráis áitiúla. Ina lán cásanna, fuarthas amach gur aisghabhadh na suimeanna seo roimhe ach nár taifeadadh iad mar ioncam a bhain le Paiteolaíocht an Stáit. I gcásanna eile, ní hann d'aon taifid mar gheall ar aois, a dhéanfadh bunús a thabhairt le cruinneas na suimeanna gan íoc.

**6.9 An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla**

Bhí 107 duaiseanna glactha cúitimh ag an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla (Focheannteideal E.9) ar luach iomlán de €8,592,099 a bhí gan íoc ag 31 Nollaig 2012. Tá an focheannteideal teoranta ó thaobh airgid thirim de agus mar bheart rialaithe bhuiséadaigh agus ar mhaithe le cothrom na Féinne, thug an Binse socrú isteach mar a n-íocann sé duaiseanna de réir ord an dáta ar ar glacadh leis an duais, faoi réir ag an leibhéal ginearálta maoinithe atá ar fáil ag an mBinse in aon bhliain ar leith. Faoi thosca áirithe, tar éis cumarsáide leis an éilitheoir, déantar íocaíocht na duaise i roinnt tráthchodanna.